

AN BHEAN A THÁINIG FAOI THÍR

Fear bocht a rinne aimsir leis an bhfairrge fadó. “Déanfaidh mise aimsir leis an bhfairrge” adeir sé “go ceann lá is bliana.” Bhí sé a guil annsin chuig an bhfairrge chuile lá go raibh an lá is bliain thuas. Níor fhailligh sé lá ar bith go raibh an lá is bliain istigh aige. Nuair a bhí an lá is bliain istigh annsin aige fuair sé bean bhreagh faoi thír. Bhí bean aige dhó féin. Bhí sé pósta.

Thug sé leis an bhean isteach agus shocruigh sé áit i leath-taobh na teine di a mbeadh cead aice suidhe agus luighe ann. Ní labhróchadh sí, ní dhéanfadh sí gáire. Bhíodh sí a’ breathnú ar ar chuile rud. Ní dhéanfadh sí iongantas de rud ar bith.

Ach tháinig fear agus a bhean istigh lá agus shuidh an bhean ar chathaoir agus shuidh an fear an taobh thuas di i gceann a droma. Bhí suip i bhfolaing na mná taobh thiar. Thosuigh an fear a’ piocadh na sop as as an bhfolaing is dá gcaitheamh ar an urlár. Chuir an bhean sa gclúid sean-gháire aiste.

Nuair a chuaidh an fear agus an bhean amach, “maise droch-chríoch ort” adeir bean a’ tighe leis an mbean fairrge, “ní dhearna tú gáire ó tháinig tú sa teach agus anois támuide náruighthe agat a’ gairí faoin bhfear is é a’ piocadh na sop as folaing na mná.

“Maise droch-chríoch ort féin” adeir bean na fairrge, “dá mbeadh fhios aige céard a chuir na suip i bhfolaing na mná ní phiocfadh sé chor ar bith iad.”

Cupla lá ina dhiaidh sin chuir bean an tighe pota éadaigh síos ar an teine. Nuair a bhí an pota bruithte thóg sí an pot a den teine agus nuair a bhí sí a’ guil suas an t-urlár leis an bpota bhuaill sí cos ar rud agus ghearr sí a hordóg. Leag sí an pota uaithe agus ní raibh sí i ndon tada a dhéanamh le raibh de phian ina méir. Chuir an bhean sa gclúid sean-gháire aiste. Má chuir féin, níor dhubhairt bean a’ tighe tada. Bhí fearg uirthे.

Lá ar na bhárach chuir sí an pota ar an teine aríst. Nuair a thóg sí é choinnigh sí glan ar an áit ar gearradh í an lá roimhe seo. Má choinnigh féin ghearr sí í féin ní ba mheasa. Chuir an bhean sa gclúid sean-gháire aiste.

“Creidim” adeir bean a’ tighe, “gur le haghaidh bheith a’ magadh fúm a tháinig tú chun a’ tighe chugainn. Rud ar bith dá dhonacht a éirigheas dúinn gur gáire a dhéanfas tú.”

“Ó dá mbeadh fhios agat féin céard a ghearr thú dhéanfa féin gáire níos fearr ná mise, ach beidh fhios agat ar ball é” adeir sí.

Nuair a tháinig an fear isteach, “gabh suas” adeir an bhean sa gclúid leis, “agus cuartaigh a’ féachaint a bhfuighfeá aon rud a ghearr cos do mhná indé.”

“Féicim” adeir sé “mar bheadh doirnín pota aníos ann.”

"Tabhair leat an lúb" adeir sí, agus cuir sa doirnín é. Níl aon bhlas dá choinneál uait ach é a tharraingt aníos."

Tharraing sé aníos é agus séard a bhí ann pota óir. Dubhairt sí annsin leis breathnú san taobh eile den teach a' féachaint a mbeadh tada eile ann.

Bhreathnuigh agus chonnaic sé mar bheadh doirnín pota aníos as an urlár. Chuir sé an lúb ag obair aríst agus tharraing sé aníos pota eile agus é lán d'ór.

"Anois" adeir sí le bean a' tighe, féadfaidh tú do dhóthain a dhéanamh anois agus beidh luach do shaothair agat. Tabhair thusa leat anois mé" adeir sí le fear a' tighe agus fág san áit a bhfuair tú mé. Ná bac liom níos mó."

D'fhág sé annsin í agus ar an bpointe boise a bhí sí imighthe.

13/12/1932

28 mbilleog sgríobhta agam anocht ó Mhicilín taréis dom a bheith ag cúirt i Leitir Fraig. Tá an ghaoth anoir a bhí againn le deich lá imthighthe agus gaoth chineálta aniar ndéas againn. Tá sé anois taréis an mheadhon oidhche agus mé tuirseach ach tá fonn cainte ar Mhicilín fós. Bhí sé ag druimleoid ar sgéal, adéir sé, agus é dhá innseacht. Bhí cuid mhór den sgéal innsighthe nuair a dhúisigh sé agus ní raibh cuimhne aige ar an sgéal. Caithfidh mé anois an cár a thabhairt amach agus Micilín a fhágáil thoir ag ceann a' bhóithrín i Roisín na mBan-Aoidheach. Siubhlaidh sé abhaile uaidh sin, suas an bóithrín agus treasna na ngarranta go dtí n-a theaichín i Roisín na mBan-Aoidheach, ar thaobh Loch Mac Caola.

Idir 12 agus a haon am 14/12/1932